

Tiomsú Airgid arna dhéanamh ag Cumann na dTuismitheoirí faoi chomhair Tionscadal Talún/Foirgnimh

(An nuashonrú is deireanaí ar an gcáipéis seo: Lúnasa 2025)

1. Réamhrá

D'fhéadfadh go mbeadh scoileanna ag fáil airgid ó chumann na dtuismitheoirí le haghaidh tionscadal talún/foirgnimh. Ba cheart go n-aistreofaí an t-airgead sin chuig cuntas bainc na scoile a luaithe is indéanta.

2. Cur Chuige Cuntasaíochta

Na cistí a fhaightear/a úsáidtear le haghaidh tionscadail den sórt sin, gan beann ar an bhfoinse, don talamh agus foirgnimh; ní léirítear mar shócmhainní seasta ar chlár comhardaithe scoile, mar a leagtar amach in Alt 15(3) den Acht Oideachais – “D'fhonn amhras a sheachaint, ní thabharfaidh, ná ní mheasfar go dtabharfaidh, aon ní san Acht seo aon cheart don bhord ar thalamh agus foirgnimh na scoile a bhfuil an bord sin freagrach ina leith, ná aon leas sa chéanna.”

Tabhair do d'aire: I gcás scoileanna a ghearrann táillí, moltar comhairle a fháil ó d'iontaobhaithe agus ó d'iniúcháir sula mbainfear talamh agus foirgnimh ón gclár comhardaithe.

Is ag an gcur chuige cuntasaíochta a mholann iniúcháir(i) an bhoird agus na n-iontaobhaithe a bheidh an tosaíocht.

Leagtar amach thíos na cóid ainmniúla atá le húsáid chun cuntas a thabhairt ar an ioncam a fuarthas, caiteachas agus aistriú an ioncaim agus caiteachais chuig an gciste foirgnimh.

2.1. Ioncam a Fuarthas

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Ioncam ó Chumann na dTuismitheoirí le haghaidh tionscadail chaipitil	DR	1800	Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha
	CR	2173	Deontais/Ioncam Caipitil Imfhálaithe Eile Gan Chaitheamh Dliteanas Reatha

2.2. Caiteachas

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Ranníocaíochtaí le Cumann na dTuismitheoirí a chaitheamh ar chostas caipitil talún/foirgnimh	DR	3970	Ranníocaíochtaí Tuismitheoirí faoi chomhair Costas Caipitil Talún/Foirgnimh Caipiteal agus Cúlchistí
	CR	1800	Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha
Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Aistriú ranníocaíochtaí le Cumann na dTuismitheoirí chuig Cúlchistí Caipitil	DR	2173	Deontais/Ioncam Caipitil Imfhálaithe Eile Gan Chaitheamh Dliteanas Reatha
	CR	3902	Ioncam ó Ranníocaíochtaí Tuismitheoirí le Tionscadail Chaipitiúla Caipiteal agus Cúlchistí

2.3. Aistriú iarmhéideanna chuig Cuntas an Chiste Talún/Foirgnimh

An bhliain tar éis don tionscadal talún/foirgnimh caipitil a bheith críochnaithe, ba cheart an t-ioncam agus an caiteachas a aistriú chuig cuntas an chiste talún/foirgnimh.

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Na ranníocaíochtaí faoi chomhair chostas an tionscadail chaipitil a aistriú chuig an gCiste Talún/Foirgnimh	DR	3902	Ioncam ó Ranníocaíochtaí Tuismitheoirí le Tionscadail Chaipitiúla Caipiteal agus Cúlchistí
	CR	3995	Cuntas an Chiste Talún/Foirgnimh Caipiteal agus Cúlchistí

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Costas an tionscadail talún/foirgnimh caipitil a aistriú chuig an gCiste Talún/Foirgnimh	DR	3995	Cuntas an Chiste Talún/Foirgnimh Caipiteal agus Cúlchistí
	CR	3970	Ranníocaíocht Tuismitheoirí le Costas Talún/Foirgnimh Caipitil Caipiteal agus Cúlchistí

2.4 Cuntas ar ranníocaíochtaí tuismitheoirí leis an ioncam tionscadail caipitil gan chaitheamh

Is ioncam imfhálaithe iad ranníocaíochtaí le Cumann na dTuismitheoirí faoi chomhair tionscadail chaipitil agus ní mór an t-iarmhéid nach raibh caite ag deireadh na bliana a réiteach agus cuntas a thabhairt air faoi chód ainmniúil 2173 'Deontais/Ioncam Caipitil Imfhálaithe Eile Gan Chaitheamh'.